An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán 0029/2021**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna agus na nIar-bhunscoileanna Aitheanta Uile**

# Leithdháiltí Cúntóirí Riachtanas Speisialta ar Ranganna Príomhshrutha i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna don Scoilbhliain 2021/22

## 1. Cuspóir an chiorcláin seo

Is é cuspóir an Chiorcláin seo scoileanna a chur ar an eolas faoi na socruithe le haghaidh Cúntóirí Riachtanas Speisialta a leithdháileadh ar ranganna príomhshrutha i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna don scoilbhliain 2021/22.

Is é an aidhm atá leis soiléire a thabhairt do scoileanna, do thuismitheoirí, do theaghlaigh agus do chúntóirí riachtanas speisialta maidir leis na socruithe le haghaidh cúntóirí riachtanas speisialta a leithdháileadh ar ranganna príomhshrutha do 2021/22.

## 2. Cúlra

I mí na Nollag 2019, cheadaigh an Rialtas cur i bhfeidhm náisiúnta na samhla nua túsualaithe um leithdháileadh cúntóirí riachtanas speisialta ar bhunscoileanna agus ar iar-bhunscoileanna do dhaltaí i ranganna príomhshrutha, mar chuid de chur i bhfeidhm céimnithe na Samhla um Chuimsiú Scoile.

Mar gheall ar an gcur isteach a tháinig as paindéim Covid-19, tá tabhairt isteach na Samhla nua Túsualaithe um Leithdháileadh cúntóirí riachtanas speisialta do dhaltaí i ranganna príomhshrutha i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna le hiarchur go ceann bliain eile suas go tús na scoilbhliana 2022/23.

D’fhág an cur isteach sin nach rabhthas in ann an oiliúint agus na ceardlanna faisnéise a sholáthar a theastaíonn chun tacú le cur i bhfeidhm na samhla nua um leithdháileadh, rud a bhí le cur i bhfeidhm níos luaithe i mbliana.

Tá an oiliúint agus na ceardlanna deartha chun cabhrú le ceannairí scoile agus le múinteoirí agus iad ag gabháil do phleanáil ionscoile don tsamhail nua agus ag dul i dteagmháil le tuismitheoirí. Beidh na seisiúin sin ar siúl anois le linn na scoilbhliana 2021/22. Eiseoidh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta tuilleadh faisnéise in am trátha.

## 3. Socruithe Leithdháileacháin don Scoilbhliain 2021/22

Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an gcur isteach ar scoileanna sna himthosca reatha agus chun leanúnachas leithdháiltí a sholáthar, chomhaontaigh an tAire um Oideachas Speisialta agus Cuimsiú agus an tAire Stáit um Oideachas na socruithe seo a leanas le haghaidh Cúntóirí Riachtanas Speisialta a leithdháileadh ar ranganna príomhshrutha don scoilbhliain 2021/22:

- Coinneofar na leithdháiltí cúntóirí riachtanas speisialta ar ranganna príomhshrutha a bhí ann cheana i scoileanna amhail an 30 Aibreán 2021 ar bun agus tar-rollfaidh siad go huathoibríoch isteach sa scoilbhliain 2021/22.
- Dá bhrí sin, ní bhfaighidh aon scoil leithdháileadh ar lú é ná an ceann a bhí aici an 30 Aibreán 2021.
- Féadfaidh cúntóirí riachtanas speisialta atá i suíomhanna príomhshrutha faoi láthair leanúint ag obair sa phost sin ar an ngnáthbhealach sa chéad scoilbhliain eile.
- Déanfaidh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta breithniú tosaíochta anois ar iarratais ar thacaíocht mhéadaithe don scoilbhliain 2021/22. Go háirithe, tabharfar tús áite d'iarratais ó scoileanna nach bhfuil aon chúntóirí riachtanas speisialta acu agus ó scoileanna atá i mbéal forbartha, agus déanfar cinntí roimh an 30 Meitheamh. Is san ord a gheofar iad a phróiseálfar aon iarratais eile.
- I gcás go dtiocfaidh athrú ar imthosca le linn na scoilbhliana 2021/22, ar athrú é ar dá bharr a thiocfaidh méadú chomh hábhartha sin ar leibhéal an riachtanais chúraim sa scoil nach féidir freastal ar an riachtanas sin laistigh den leithdháileadh cúntóirí riachtanas speisialta atá ann cheana, féadfaidh an scoil iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh chuig an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.
- Foilseoidh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta leithdháiltí ar a suíomh Gréasáin ag www.ncse.ie faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2021.
- Ní dhéanfaidh an socrú seo aon difear do na leithdháiltí cúntóirí riachtanas speisialta ar ranganna speisialta agus ar scoileanna speisialta. Foilseoidh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta na leithdháiltí sin, mar

aon leis na leithdháiltí teagaisc ar ranganna speisialta agus ar scoileanna speisialta, ar www.ncse.ie faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2021.

Tá na forálacha atá leagtha amach i gCiorclán 30/2020 á bhfadú don scoilbhliain 2021/22.

## 4. An tSamhail Thúsualaithe um Chúntóirí Riachtanas Speisialta a Leithdháileadh a thabhairt isteach

Le linn na scoilbhliana 2021/22, eiseofar tuilleadh comhairle maidir leis an tsamhail thúsualaithe a thabhairt isteach le héifeacht ó mhí Mheán Fómhair 2022. Leagfar an cur chuige foriomlán amach sa chomhairle sin, lena n-áireofar an fhorbairt ghairmiúil agus na tacaí eile a chuirfear ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí.

## 5. Faisnéis nó ceisteanna maidir leis an gCiorclán seo

Má bhíonn aon cheisteanna agat maidir leis an gCiorclán seo, déan teagmháil le:

special_education@education.gov.ie

Is féidir an ciorclán seo a rochtain ar shuíomh Gréasáin na Roinne: www.education.ie

**Eddie Ward, Príomhoifigeach An Rannóg Oideachais Speisialta**
**12 Bealtaine, 2021**